

Aonad 2 - Fiontraíocht | Nótaí H1

Fiontraithe

Is fiontraí é duine a théann sa seans agus a chuireann riosca airgeadais air/uirthi féin le gnó a bhunú. Tá siad nuálach agus cruthaitheach. Aimsíonn siad bearnaí sa mhargadh agus tapaíonn siad ar na deiseanna seo. Is samplaí d'fhiontraithe iad Richard Branson (Virgin Media) agus Bill Gates (Microsoft).

Saintréithe na bhFiontraithe

Tréithe - saintréithe a bhíonn ag daoine ón lá a shaolaítear iad. Tagann fiontraithe ar an saol leis na tréithe seo a leanas:

- Neamhspleáchas - in ann a bheith i gceannas.
- Neamhthrócaireach - bainfidh siad spriocanna amach ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile.
- Réalaíoch - tuigeann siad go bhfuil teorainneacha ann agus is féidir leo a dteorainneacha féin a aithint.
- Muiníneach - creideann siad iontu féin agus ina smaointe i gcónaí.
- Cumarsáidí maith - bíonn siad in ann a gcuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile go héasca.
- Spreagtha - bíonn sprioc de chineál éigin le baint amach acu i gcónaí.
- Ceannaire - in ann a bheith mar cheannaire ar ghrúpa agus an grúpa seo a spreagadh chun oibriú i dtreo na sprice.

Scileanna Fiontraithe

Foghlaimítear scileanna ar feadh an tsaoil. Seo roinnt scileanna a fhorbraíonn fiontraithe ar

feadh an tsaoil.

- Spriocanna / pleananna a leagan síos - in ann féachaint don todhchaí agus spriocanna a leagan síos a bheidh le baint amach.
- Nuálaíocht - in ann a gcuid smaointe a oiriúnú do riachtanais daoine eile agus smaointe nua a chruthú.
- Líonrú - in ann oibriú go maith le daoine eile agus teagmhálacha maithe a fháil.
- Cinnteoireacht - is féidir leo cinntí gasta a dhéanamh chun leas an chomhlachta.
- Caidreamh daonna - a bheith in ann fostaithe a bhainistiú.
- Tuiscint ar an réaltacht - is féidir leo é a aithint nuair nach bhfuil ag éirí go maith le táirge nó mura dtaitníonn an táirge leis an spriocmhargadh.

Fáthanna a mBíonn Daoine ina bhFiontraithe

Is iomaí cúis a bhíonn le daoine ag iarraidh a bheith ina bhfiontraithe. Déanann cuid acu é ar mhaithe leis an ioncam, le go mbeidh siad in ann ioncam seasmhach a bheith acu dá dteaghlach. Déanann cuid acu é ar son an neamhspleáchais, chun a bheith ina máistir orthu féin. Baineann cuid acu taitneamh as an dúshlán a bhaineann leis agus baineann cuid acu taitneamh as a bheith cruthaitheach. Bunaíonn roinnt daoine gnólacht tar éis dóibh a bpost a chailliúint.

Infhiontraíocht

Is éard is infhiontraí ann duine a léiríonn scileanna agus tréithe fiontraíochta laistigh de ghnólacht. Cruthaíonn siad smaointe nua don ghnólacht, seachas a smaoineamh féin a úsáid le gnólacht nua a bhunú.

Fiontraíocht faoi Lán Seoil

- Sa bhaile - buiséadú, saoire a phleanáil, déan féin é (DFÉ), bogadh.
- San áit oibre - suíomhanna gréasáin nua a chruthú, bealaí nua a chumadh chun freastal ar chustaiméirí ar bhealach níos éifeachtaí.
- Fiontraíocht ar scoil - scoláirí ag rith a gclubanna féin, seónna faisin scoile, comhairle na ndaltaí nó mionchuideachtaí.
- Sa phobal - béilí ar rothaí, obair dheonach ag aonach scoile, tiomsú airgid, Pobal ar Aire.

Tábhacht na Fiontraíochta

Tá an fhiontraíocht tábhachtach mar go gcruthaíonn sí poist do dhaoine i gceantair áitiúla. Méadaíonn fiontraíocht an méid cánach a bhailíonn an rialtas agus laghdaíonn sí an méid Leas Sóisialta a íoctar. Déanann a lán gnólachtaí a gcuid brabús a athinfheistiú, rud a chabhraíonn le fás an gheilleagair. Soláthraíonn siad táirgí freisin a theastaíonn ó thomhaltóirí. Tá an fhiontraíocht ríthábhachtach mar nuair a bhunaíonn duine gnólacht, spreagann sé daoine eile chun an rud céanna a dhéanamh. Tugtar 'cultúr fiontraíochta' air seo.